Parlaimint na hEorpa
2019-2024

Suí iomlánach

B9-0032/2019

30.7.2019

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le creidmhigh Chríostaí a chosaint ar fud an domhain

Mara Bizzotto

B9-0032/2019

Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le creidmhigh Chríostaí a chosaint ar fud an domhain

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, i gcomhréir leis an Innéacs domhanda maidir le géarleanúint ar Chríostaithe, arna tharraingt suas gach bliain ag an eagraíocht neamhrialtasach 'Open Doors', go bhfuil os cionn 245 mhilliún Críostaí ar domhan a fhulaingíonn go laethúil ón bhforéigean agus ó dhrochíde mar gheall ar a gcreideamh;

B. de bhrí, ón 1 Samhain 2017 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2018, gur mharaigh réimis atá doiciúil leis an gCríostaíocht 4,305 Críostaí ar fud an domhain, go háirithe san Afraic agus san Áise;

C. de bhrí go bhfuil an chosaint do shaoirse reiligiúin agus creidimh ar cheann de thosaíochtaí AE agus go bhfuil deimhnithe arís agus arís eile ag Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go bhfuil AE tiomanta ina leith sin;

1. á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí dul i ngleic leis an méadú ar an bhforéigean agus ar an gciapadh atá á ndéanamh ar Chríostaithe san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain;

2. ag tathant ar an gCoimisiún gníomhú le rialtais na dtíortha sin ina bhfuil naimhdeas láidir i gcoinne Críostaithe, ionas nach mbeidís faoi réir éadulaingthe agus géarleanúna a thuilleadh;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún fóram idirinstitiúideach a chur ar bun chun malartú dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le creideamh Críostaí a urramú ar fud an domhain.